Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11731/23**

**EDUC 310**
**JEUN 202**
**DIGIT 136**
**FIN 769**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Tacaíocht ón Aontas le haghaidh digiteáil sna scoileanna. Infheistíochtaí suntasacha, ach gan fócas straitéiseach i bhfeidhm ag na Ballstáit sa chaoi ar úsáid siad maoiniú ón Aontas' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Iúil 2023.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Tacaíocht ón Aontas le haghaidh digiteáil sna scoileanna. Infheistíochtaí suntasacha, ach gan fócas straitéiseach i bhfeidhm ag na Ballstáit sa chaoi ar úsáid siad maoiniú ón Aontas'**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[1] mar aon le freagraí mionsonraithe an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil.

2. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT freagracht iomlán na mBallstát as beartas oideachais agus oiliúna a cheapadh agus as a scoileanna a eagrú.

3. AITHNÍONN SÍ gur féidir le bearta an Aontais tacú leis na Ballstáit, leis na húdaráis ar gach leibhéal agus le soláthraithe oideachais agus oiliúna ina n-iarrachtaí digiteála agus CUIREANN SÍ I dTREIS ról an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhaíochtaí na mBallstát a fhorlíonadh agus tacú leo trí chistí éagsúla de chuid an Aontais a úsáid.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá cur chuige leathan maidir leis an digiteáil i scoileanna, lena n-áirítear bonneagar, trealamh, nascacht, ábhar agus modhanna oideolaíocha, agus scileanna digiteacha a chothú i measc múinteoirí, oiliúnóirí, foirne eile oideachais agus oiliúna agus ceannairí scoile, lena n-áirítear trí oideachas agus oiliúint leanúnach a chur ar fáil.

5. ADMHAÍONN SÍ go ndearnadh go leor oibre sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais maidir leis an oideachas digiteach agus scileanna digiteacha a chur chun cinn, mar shampla trí chlár Erasmus+, tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, trí na Pleananna Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2018-2020 agus 2021-2027, tríd an Meitheal um Oideachas Digiteach (DELTA), tríd an idirphlé struchtúrtha maidir leis an oideachas digiteach agus scileanna digiteacha a rinne an Coimisiún in 2022 agus trí uirlisí éagsúla a forbraíodh laistigh de chomhthéacs an Aontais.

---

[1] Chun críocha Thuarascáil Speisialta Uimh. 11/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, rinneadh measúnú níos doimhne ina ndírítear go sonrach ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun tacú leis an oideachas digiteach i scoileanna i sé Bhallstát: An Ostair, an Chróit, an Ghearmáin (Réigiún na Réine Thuaidh-Viostfáile), an Ghréig, an Iodáil agus an Pholainn.

6. AONTAÍONN SÍ leis an admháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

- leis an oideachas digiteach, ullmhaítear foghlaimeoirí le go mbeidh siad rathúil sa saol, go mbeidh siad ina saoránaigh rannpháirteacha agus go gcomhtháthófar iad sa mhargadh fostaíochta;

- Tá oideachas digiteach agus scileanna digiteacha, agus infhaighteacht bonneagair dhigitigh agus trealaimh dhigitigh i bhfad níos ábhartha anois ar gach leibhéal oideachais ó thosaigh paindéim COVID-19;

- Is féidir leis na Ballstáit tacaíocht airgeadais ón Aontas a úsáid chun scoileanna a dhigitiú trí ionstraimí éagsúla, agus a gcuspóirí agus a saintréithe sonracha ag gach ceann acu, amhail clár Erasmus+, Cistí an Bheartais Comhtháthaithe, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa;

- D'fhéadfaí feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as maoiniú an Aontais don digitiú i scoileanna.

7. MEASANN SÍ go bhfuil na moltaí a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ábhartha agus gur féidir leo rannchuidiú le huaillmhianta na mBallstát tacú, i gcás inarb ábhartha, le digitiú scoileanna, ach IS OTH LÉI nach ndéantar staidreamh bunaithe ar dhaoine aonair a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Speisialta a imdhealú go córasach de réir inscne. AITHNÍONN an Chomhairle an easpa sonraí cuimsitheacha maidir le staid an bhonneagair dhigitigh i scoileanna; mar sin féin, maidir le moladh 3a, CUIREANN AN CHOMHAIRLE I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé ualach riaracháin méadaithe do na Ballstáit a sheachaint, agus maidir le moladh 3b, CUIREANN AN CHOMHAIRLE I dTREIS a thábhachtaí atá sé tosaíochtaí agus straitéisí gach Ballstáit i réimse an oideachais agus an digitithe a urramú.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an choimisiúin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- gníomhaíochtaí an Aontais a chur chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 ar bhealach níos gníomhaí agus feabhas a chur ar thionchar na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha;

- gníomhaíocht a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun an nasc idir cuspóirí Phlean Gníomhaíochta 2021-2027 don Oideachas Digiteach, tacaíocht ón Aontas, agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha chun scoileanna a dhigitiú a neartú;

- gníomhú, i gcás inarb iomchuí agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun an nasc a neartú idir tacaíocht an Aontais do dhigitiú scoileanna agus cuspóirí, riachtanais agus torthaí inscálaithe atá sainithe go soiléir do scoileanna, atá bunaithe sna Ballstáit.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún atá ag an gCoimisiún sonraí cothrom le dáta a bhailiú go tréimhsiúil chun faireachán a dhéanamh ar nascacht iarbhír na scoileanna, agus chun tuairisc a thabhairt ar an toradh.

10. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, mar sin féin, gur cheart gníomhaíochtaí an Choimisiúin a dhéanamh agus aird chuí á tabhairt ar an gcoimhdeacht agus ar imthosca náisiúnta agus gur cheart sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh orthu i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

11. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas oibriú le chéile chun feabhas a chur ar ullmhacht dhigiteach na gcóras oideachais agus oiliúna sna Ballstáit, mar shampla trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, trí ghníomhaíochtaí piarfhoghlama agus trí thionscadail chomhair idir soláthraithe oideachais agus oiliúna a chur chun cinn.

12. TÁ SÍ AG SÚIL LE plé atá dírithe ar an todhchaí i gcomhthéacs an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha trí thionscnaimh amhail na tograí le haghaidh Moltaí ón gComhairle maidir le príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas agus oiliúint dhigiteach rathúil agus maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint a chuireann an Coimisiún ar aghaidh.